OÉ Gaillimh
NUI Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge



# Cumarsáid (MA/Dioplóma Iarchéime)

**Ar an MA sa Chumarsáid pléifear gnéithe éagsúla de léann agus de ghairm na Cumarsáide, an iriseoireacht agus an léiriú raidió agus teilifíse. Tá an clár lánaimseartha lonnaithe ar an gCeathrú Rua i gConamara. Tig leat tabhairt faoin gclár páirtaimseartha áit ar bith ar domhan tríd an bhfoghlaim chumaisc ar líne.**

## An bhfuil Ard-Dioplóma agat?

Tugann an Ollscoil aitheantas don dul chun cinn gairmiúil atá déanta ag céimithe an Ard-Dioplóma i gCumarsáid Fheidhmeach, agus ard-dioplómaí ábhartha eile, trí ualach laghdaithe modúl (50% den chlár múinte) agus táille laghdaithe dá réir.

## Deiseanna gairme

Ar na fostóirí a fhostaíonn céimithe an chláir tá RTÉ, TG4, BBC, stáisiúin raidió áitiúla, comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha agus comhlachtaí caidrimh phoiblí. Is bunús láidir é freisin sa pholaitíocht, sa ghnó, sa bhainistíocht, san earnáil neamhbhrabúis agus san earnáil phoiblí. Beidh deis agat freisin speisialtóireacht a fhorbairt i léann na cumarsáide agus cosán acadúil a leanúint.

## Riachtanais iontrála

Bunchéim Dara hOnóracha, Grád 2 ag leibhéal 8, nó Dara hOnóracha, Grád 2 i gclár iarchéime i réimse gaolmhar. Is féidir le hiarrthóirí nach bhfuil na cáilíochtaí acadúla cuí acu iarratas a dhéanamh faoi pholasaí na hOllscoile d'Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL). Is gá d'iarrthóirí Stiúrthóir Acadúil an chúrsa a shásamh go bhfuil cumas dóthanach acu sa Ghaeilge chun tabhairt faoin gcúrsa.





www.oegaillimh.ie/acadamh

OÉ Gaillimh
NUI Galway



## Cúiseanna chun thabhairt faoin gcúrsa

1. Ullmhóidh an cúrsa seo thú chun tabhairt faoi ghairm in earnáil na hiriseoireachta, na craoltóireachta agus na scannánaíochta nó in earnáil ghaolmhar cosúil le margaíocht agus caidreamh poiblí.
2. Tá deiseanna ann do chéimithe an chúrsa seo aghaidh a thabhairt ar ghairm acadúil trí speisialtóireacht a fhorbairt i réimse na cumarsáide agus PhD a bhaint amach.
3. I measc na n-eagraíochtaí a fhostaíonn iarchéimithe an chúrsa seo tá: RTÉ, TG4, BBC, Ros na Rún, Telegael, Nemeton, Abú Media agus ollscoileanna agus institiúidí eile oideachais (m.sh. OÉG, DCU).

## Leibhéal an Chúrsa:

MA/Dioplóma Iarchéime ag Leibhéal 9

## Fad ama:

Bliain amháin, lánaimseartha. Dhá bhliain, páirtaimseartha.

## Líon áiteanna:

15

## Cóid PAC:

GYA93 (lánaimseartha)
GYA50 (páirtaimseartha)

## Táillí:

€6,015. D'fhéadfadh an táille seo athrú i rith na bliana. Is féidir eolas faoi tháillí reatha an chúrsa a fháil ar www.nuigalway.ie/fees

## Cathain iarratas a dhéanamh:

Níl aon dáta deiridh leagtha síos ag OÉ Gaillimh maidir le glacadh le hiarratais (seachas i gcásanna eisceachtúla). Eiseofar tairiscintí ar bhonn leanúnach. Cuirtear ina luí ar iarrthóirí iarratais a dhéanamh chomh luath agus is féidir. Chun na mionsonraí ar fad a fheiceáil maidir le cathain agus conas iarratas a dhéanamh féach www.nuigalway.ie/postgrad/assessmentdates

## Tuilleadh Eolais:

Dan Dwyer
**t:** +353 91 494 604
**r:** dan.dwyer@oegaillimh.ie



www.oegaillimh.ie/acadamh